Searmanas Ardaithe na Brataí 2016, Caisleán Bhaile Átha Cliath
Roinn an Taoisigh

Dé hAoine 1ú Eanáir 2016

Chuir an ócáid seo tús le Clár Comórtha an Stáit in 2016 agus rinneadh é amuigh faoin aer i gClós Uachtarach Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí dhá phríomheilimint i gceist ann: Óglaigh na hÉireann ag léamh Rolla Onóra de na hóglaigh sin a maraíodh i rith Éirí Amach 1916, agus ina dhiaidh sin bhí Searmanas Ardaithe na Brataí. San áireamh leis sin bhí ardú na dtrí bhratach a bhí ar foluain ar Shráid Uí Chonaill le linn na Casca 1916 - bratach Arm Cathartha na hÉireann a bhí ar foluain ar Óstán an Imperial ar Shráid Uí Chonaill, bratach Phoblacht na hÉireann agus an bratach Náisiúnta ar bhí araon ar foluain ar Ard-Oifig an Phoist. Cuireadh críoch leis an searmanas le seinm an *Reveille* agus Amhrán na bhFiann.

Daoine Móra le Rá agus Aíonna ar Cuireadh

Bhí an tUachtarán, an Taoiseach agus Ardmhéara Bhaile Átha Cliath i láthair don searmanas seo. Tugadh cuireadh d'ionadaithe tofa náisiúnta agus áitiúla a bheith i láthair mar aon le comhaltaí de Chomhairle an Stáit; na Breithiúna, an Cór Taidhleoireachta; comhaltaí den Sainghrúpa Comhairleach; Gaolta leis na hóglaigh a maraíodh in Éirí Amach 1916; comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach Uile-pháirtí do na Cuimhneacháin Chéad Bliain; Coiste Trí-dhathach 1848 agus Fondúireacht Thomas Meagher.

An Pobal: Bhí an Searmanas oscailte don Phobal a raibh amharc iomlán acu ar na himeachtaí.

Ceol: An Banna Míleata agus Cór na nÓg RTÉ a chuir an ceol ar fáil.

Tá fáil anseo ar an mbróisiúr do Shearmanas Ardaithe na Brataí agus tá cóip chrua den bhróisiúr le fáil ach teagmháil a dhéanamh le protocol@taoiseach.gov.ie.